

Scéim Deontas Cholmcille

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo caidreamh a chothú idir pobail teanga Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann Ghaeilge, agus Gaeilge na hAlban agus na hÉireann a neartú tríd an chaidreamh seo. Beidh dhá bhabhta den scéim deontas ann in 2019:

Babhta 1

- Spriocdháta Aoine an 22 Márta 2019
- Iarratais le haghaidh tionscadail a gcuirfear tús leo in 2019
- Uasteorainn €12,000/£10,800

Babhta 2

- Spriocdháta Déardaoin an 10 Deireadh Fómhair 2019
- Iarratais le haghaidh tionscadail a gcuirfear tús leo in 2019/2020
- Uasteorainn €12,000/£10,800

Is féidir iarratas a dhéanamh ar suas le 80% de chostais uile an tionscadail. Tá an scéim oscailte d'eagraíocht ar bith atá i riocht an caidreamh a chur chun cinn, agus a bhfuil an cháipéisíocht chuí acu.

Cúlra

Comhpháirtíocht idir Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig is ea Colmcille, agus tá an dá eagraíocht ag comhoibriú le tosaíochtaí an tionscnaimh a chur i bhfeidhm in Albain agus in Éirinn.

Aidhmeanna

- Caidreamh a chothú idir pobail labhartha Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann
- Gaeilge na hAlban agus na hÉireann a neartú tríd an chaidreamh seo

Scéim Deontas Cholmcille

Cuirimid fáilte roimh iarratais ar son tionscadail a chuirfidh ceann amháin, ar a laghad, de na tosaíochtaí a leanas chun cinn:

- Scileanna teanga – Gaeilge na hAlban in Éirinn nó Gaeilge na hÉireann in Albain
- Cainteoirí Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann a thabhairt le chéile
- Caidreamh a chothú idir pobail labhartha Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann
- Úsáid agus comhthuiscint teanga a éascú nuair atá Gaeilge na hAlban agus na hÉireann á labhairt ag an aon ócáid amháin
- Dea-chleachtas a roinnt san fhorbairt teanga nó san fhorbairt pobal teanga
- Feasacht ar theanga agus ar chultúr Ghaeilge na hÉireann a chur chun cinn in Albain agus feasacht ar theanga agus ar chultúr Ghaeilge na hAlban a chur chun cinn in Éirinn
- Gaeilge na hAlban nó na hÉireann, nó a bpobail teanga, a neartú tríd an nasc idir an dá theanga agus lucht a labhartha a chur chun cinn

Chomh maith leis na tosaíochtaí seo tá sé riachtanach nasc soiléir idir Gaeilge na hAlban agus na hÉireann a bheith follasach i ngach iarratas.

An dóigh le hiarratas a dhéanamh

Ba cheart d'iarratasóirí labhairt linn chomh luath agus is féidir má bhíonn ceisteanna acu. Ina dhiaidh sin ba cheart an fhoirm iarratais a chomhlánú agus a chur, mar aon leis na doiciméid ábhartha, chuig:

Colmcille, Foras na Gaeilge, Teach an Gheata Thiar, 2-6 Sráid na Banríona, Béal Feirste, BT1 6ED

Tabhair do d'aire, tá sé riachtanach cuntas gníomhach bainc a bheith ag iarratasóirí nuair a chuirtear isteach iarratais.